Leanúntas inspioráideach an Oideachais Lán-Ghaeilge

Tuarascáil Bhliantúil

Gaelscoileanna Teo. 2014

www.gaelscoileanna.ie

Foras na Gaeilge

Gaelscoileanna

Buail is osclófar
Knock and it will open

Logáil isteach ar www.gaeilge.ie leis an mbealach is tapúla a fháil go dtí an t-eolas atá uait. Féach na mionfhógraí ar NASC, áit ar féidir leat:

- fógra a chur suas le cúrsa nó imeacht a lorg nó a fhógairt,
- do réimse spéise a chlárú chun foláirimh a fháil a nuair a fhógraítear eolas nua, nó
- a bhfuil ar fáil i do cheantar féin a chuardach – agus a lán eile.

Just log on to www.gaeilge.ie for the quickest route to the information you need. Check out the NASC classified ads where you can:

- post an ad to request or advertise a course or event,
- register your area of interest to get alerts when new info is posted, or
- search for what's available in your neighbourhood – and much more.

Foras na Gaeilge

1850 325 325 / 0845 309 8142
eolas@forasnagaeilge.ie

Rialacha Seasta

1. Rúin:

1.1 5 nóiméad ag an moltóir

3 nóiméad ag gach duine eile.

1.2 Glacfar le leasuithe agus cuirfear iad os comhair an chruinnithe ag tosú leis an gceann deiridh. Ní chuirfear leasú atá cealaithe ag leasú a cuireadh roimh ré. Ní mór leasuithe a bheith i scríbhinn. Ní féidir leasú atá contráilte go hiomlán leis an mbunrún a chur.

1.3 Má mholtar rún ní féidir é a tharraingt siar ach le cead an chruinnithe.

2. Is féidir na rialacha seasta a chur ar leataobh chun rún nach bhfuil ar an gclár a phlé, ach:

2.1 Dhá thrian a bheith i bhfábhar an rúin a phlé.

2.2 Móramh dhá dtrian ag teastáil le glacadh leis.

3. Toghchán don Bhord Stiúrtha

3.1 Roghnóidh baill an réigiúin atá i gceist ionadaí don réigiún sin.

3.2 Toghfar an tUachtarán agus na hOifigigh le móramh simplí ach 50% ar a laghad de na vótaí a chaitear a bheith ag iarrthóir.

3.3 Toghfar baill eile an Bhoird Stiúrtha trí chóras na vótála singile nó iolraí do-aistrithe.

Ainmniúcháin na nOifigeach 2014-2015

Ainm	Scoil lena mbaineann	Ainmnithe ag
Uachtarán		
Cathnia Ó Muircheartaigh	Coláiste Pobail Osraí	Gaelscoil Uí Fhiaich
Leas-Uachtarán		
Cathnia Ó Muircheartaigh	Coláiste Pobail Osraí	Gaelscoil Osraí
Rúnaí		
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin	Gaelscoil Bhaile Brigín	Gaelscoil Uí Fhiaich Gaelscoil Bhaile Brigín
Cisteoir		
Dealgan Ó Ciarubháin	Scoil Chaitríona	Gaelscoil Uí Fhiaich
Oifigeach Caidrimh Phoiblí		
Fíona Uí Uigín	Coláiste Íosagáin	Gaelscoil Uí Fhiaich

Ainmniúcháin na nGnáth Stiúrthóirí 2014-2015

Ainm	Scoil lena mbaineann	Ainmnithe ag
Norma Ní Chonchúir	Gaelscoil Mhic Aodha	Gaelscoil Uí Fhiaich
Elaine Ní Shé	Gaelcholáiste Luimnigh	Gaelscoil Uí Fhiaich Gaelcholáiste Luimnigh
Sinéad Ní Shúilleabháin	Gaelcholáiste Luimnigh	Gaelcholáiste Luimnigh
Naomi Ní Mhuiríosa	Gaelcholáiste Luimnigh	Gaelcholáiste Luimnigh
Róisín Ní Ríordáin	Gaelscoil Chill Dara	Gaelscoil Uí Fhiaich
Seán Ó Nuanáin	Gaelscoil Dhonncha Rua	Gaelscoil Uí Fhiaich
Seán Mag Oireachtaigh	Scoil Chaitríona	Gaelscoil Uí Fhiaich
Cormac Ó Tuairisg	Gaelscoil Bhaile Brigín	Gaelscoil Bhaile Brigín
Emily Ní Challaráin	Scoil na Maighdine Muire gan Smál	Gaelscoil Bhaile Brigín Scoil na Maighdine Muire gan Smál

Rúin Chruinniú Chinn Bhliana 2014

1. Tacaíochtaí Teicneolaíochta do scoileanna lán-Ghaeilge
"Éilíonn an Chomhdháil seo ar na seirbhísí tacaíochta teicneolaíochta do scoileanna, ar a n-áirítear Digitalschools agus PDST Technology in Education seirbhísí agus áiseanna a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge le freastal ar scoileanna Lán-Ghaeilge.

agus

Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfear leagan Gaeilge den POD ar fáil do scoileanna Lán-Ghaeilge, idir Ghaelscoileanna agus Scoileanna Gaeltachta agus nach mbeadh brú curtha ar na scoileanna lán-Ghaeilge leagan Béarla de a úsáid."

Molta: Gaelscoil Bhaile Brigín

2. Riachtanais Speisialta Oideachais
Éilíonn an Chomhdháil seo go mbeadh na seirbhísí tacaíochta gairmiúla ag tacú go gníomhach le rogha tuismitheoirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais ag a gcuid páistí i dtaobh oiriúnacht an chórais lán-Ghaeilge do riachtanais an pháiste.

Molta: Gaelscoil Bhaile Brigín

3. Lárionaid eolais
Molann an Chomhdháil go mbeidh áis/grúpa ann leis na háiseanna uile atá ar fáil i nGaeilge do scoileanna lán-Ghaeilge a chur le chéile, idir áiseanna léitheoireachta, leictreonacha, cluichí, gníomhaíochtaí don chlár bán, i measc nithe eile, ionas go mbeadh sé éasca ranganna maithe spéisiúla a ullmhú.

agus

Molann an Chomhdháil go gcuirfear lár-ionad ar fáil le conarthaí oibre agus polasaithe a chruinniú le chéile, agus iad a bheith profléite ó thaobh cruinnis agus feidhm dhlíthiúil de agus ar fáil do scoileanna.

Molta: Scoil na Maighdine Muire Gan Smál

4. An Ghaeilge sna Coláistí Oiliúna
Éilíonn an Chomhdháil seo go gcuirfear brú ar na Coláistí oiliúna níos mó béime a chur ar an nGaeilge sna hábhair ar fad sa churaclam agus sna ranganna teicneolaíochta chun freastal ar an easpa teanga teicniúla atá ag mic léinn ag teacht amach as na coláistí.

Molta: Gaelscoil Bhaile Brigín

5. Feidhmeanna agus Róil Gaelscoileanna Teo. mar Cheanneagraíocht sa réimse Tumoideachais/Gaeloideachais agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge
Aithníonn an Chomhdháil seo an riachtanas a bhaineann le comhairliúchán forleathan le scoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht, mar aon le naíonraí lasmuigh den Ghaeltacht chun críche próiseas pleanála cuimsitheach agus an eagraíocht ag forbairt agus ag pleanáil do na réimsí nua oibre, agus iarrann an Chomhdháil seo ar na scoileanna agus ar na páirtithe leasmhara uile páirt ghníomhach a ghlacadh sa phróiseas.

Molta: Bord Stiúrtha, Gaelscoileanna Teo.

Tuairisc ar Obair na hEagraíochta 2014

Stádas nua ag Gaelscoileanna Teo. mar Cheanneagraíocht sa réimse Gaeloideachas / Tumoideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge

Mar a fógraíodh ag comhdhálacha de chuid na heagraíochta le blianta beaga anuas, chuaigh eagraíochtaí bunmhaoinithe Gaeilge san earnáil dheonach, arna maoiniú ag Foras na Gaeilge, trí phróiseas fada cuíchóirithe. I ndiaidh comórtas iomaíoch le linn 2013 agus thús 2014 d'éirigh le 6 eagraíocht an stádas mar cheanneagraíochtaí a bhaint amach, Gaelscoileanna Teo. ina measc. Ó Iúil 2014, is é an mór-réimse oibre atá ag Gaelscoileanna Teo. ***ná Gaeloideachas / Tumoideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge.*** Tá, dá réir, róil agus feidhmeanna nua ag an eagraíocht, ar a n-áirítear tacaíocht agus abhcóideacht thar ceann bunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht, naíonraí taobh amuigh den Ghaeltacht, mar aon le naíscoileanna i dTuaisceart Éireann *(le deimhniú),* anuas ar thacaíocht agus abhcóideacht thar ceann bunscoileanna agus iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Gné lárnach den fhorbairt nua is ea an cur chuige comhpháirtíochta idir na 6 cheanneagraíocht, is iad sin Coláiste na bhFiann, Conradh na Gaeilge, Gael Linn, Oireachtas na Gaeilge, Glór na nGael agus Gaelscoileanna Teo. Is baill iad ceannasaithe na 6 cheanneagraíochta den fhóram Comhpháirtíochta atá ag obair i ndlúthchomhar lena chéile ar mhaithe le pleanáil straitéiseach san earnáil agus ar bhonn 32 chontae.

Ó thús na bliana 2014, tá an eagraíocht i mbun próiseas pleanála chun críche feidhmiú go héifeachtach i gach réimse, idir reatha agus nua. Aithnítear go mbeidh sé tábhachtach ionadaíocht chuí a bheith san eagraíocht de réimsí oibre uile na heagraíochta, agus dá réir, tá an eagraíocht i mbun struchtúir chuí rialachais agus feidhmeannais a phleanáil agus a fhorbairt. Beidh comhairliúchán forleathan á dhéanamh go luath leis na scoileanna agus naíonraí chun tuairimí a bhailiú faoi riachtanais na bpobal faoi seach agus faoi na bealaí is éifeachtaí le hionadaíocht chuí a chinntiú. Ag leibhéal na foirne, táimid ag dul ó 4.5 post go 9 bpost agus an-áthas orainn go mbeimid in ann cur le cineál agus caighdeán na seirbhísí atá agus a bheidh á gcur ar fáil do naíonraí, scoileanna ag an dá leibhéal agus an pobal i gcoitinne.

Táimid i mbun comhchainteanna leanúnacha leis na páirtithe cuí eile i réimse na luathbhlianta chun leasa na hearnála ina iomláine. I dtaobh seirbhís tacaíochta don Ghaeltacht, bhí an-aiféala ar an eagraíocht go raibh ar Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta scor ag tús na bliana 2014 de bharr easpa maoinithe. Tá súil ag Gaelscoileanna Teo. go dtiocfaidh Foras na Gaeilge agus an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, agus Gaeltachta ar chomhthuiscint maidir leis na riachtanais agus struchtúir maoinithe ba chóir a bheith ar fáil ionas go mbeidh struchtúir chearta tacaíochta ann do scoileanna Gaeltachta.

Bunú Scoileanna

Bhí plé rialta ag Gaelscoileanna Teo. leis an Roinn Oideachais agus Scileanna i gcaitheamh na bliana go háirithe maidir le ró-éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge agus na ceantair nach bhfuil soláthar lán-Ghaeilge iontu, toil na scoileanna lán-Ghaeilge reatha fás le freastal ar éileamh, chomh maith le staid chóiríocht na scoileanna reatha mar réiteach ar ghanntanas soláthair. Leanfar leis an stocaireacht agus leis an idirphlé leis an Roinn chun a chinntiú go ndéanfar soláthar cuí don oideachas lán-Ghaeilge agus go mbeidh éileamh air aitheanta mar chritéar lárnach ag an Roinn do bhunú scoileanna nua sa todhchaí ag an mbunleibhéal agus ag an iar-bhunleibhéal.

Tá an eagraíocht ag plé go leanúnach le tuismitheoirí i gceantair nach bhfuil aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna le haghaidh soláthar nua ach a bhfuil éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge iontu. Cabhraíonn an eagraíocht leo a gcuid feachtas a phoibliú go háitiúil agus sna meáin agus tugtar treoir dóibh maidir le plé leis an Roinn chun teacht ar chomhréiteach i leith soláthar oideachas lán-Ghaeilge i gceantair nach ceantair fáis iad.

Bunscoileanna nua

Níor oscail aon bhunscoil nua lán-Ghaeilge in 2014. Dheimhnigh an Roinn Oideachais agus Scileanna go bhfuil fógra le teacht roimh dheireadh 2014 maidir leis na ceantair ina mbeidh gá le soláthar úr ag an mbunleibhéal ó 2015 ar aghaidh. Tá Gaelscoileanna Teo. ag plé leis an Roinn agus na pátrúin maidir leis na dúshláin a bhaineann le próiseas na Roinne chun soláthar nua a chinntiú. Beidh an eagraíocht ag comhoibriú leis na pátrúin ionchasacha sa phróiseas agus leis an Roinn chun a chinntiú go méadófar ar na deiseanna atá ann soláthar lán-Ghaeilge a bhunú faoi gach pátrún.

Tá ról gníomhach ag Gaelscoileanna Teo. sa phlé agus san obair leis an Roinn Oideachais agus Scileanna agus leis na pátrúin bunoideachais maidir leis an gceist faoi dhífheistiú pátrúnachta agus sainmheon teanga scoile a athrú, chun a chinntiú go méadófar ar na deiseanna atá ann scoileanna lán-Ghaeilge a bhunú faoi gach pátrún. Ainneoin go bhfuil sé aitheanta ag an Roinn gur leor an t-éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge ilchreidmheach i mBiorra le soláthar nua a bhunú ann, tá moill ar an bpróiseas toisc nach bhfuil aon athrú beartaithe ar chomhdhéanamh nó lonnaíocht na scoileanna reatha de réir mhianta a bpátrún. Is gá teacht ar chóiríocht oiriúnach agus é costas-neodrach sula gceadófar oscailt na scoile ilchreidmheach lán-Ghaeilge. Tá seo á phlé ag Gaelscoileanna Teo. leis an gcoiste áitiúil faoi láthair agus tá siad ag díriú ar Mheán Fómhair 2015 mar sprioc leis an scoil faoin bhForas Pátrúnachta a oscailt ann.

Iarbhunscoileanna nua

D'oscail dhá iarbhunscoil nua lán-Ghaeilge i Meán Fómhair 2014, Coláiste Ghlór na Mara i mBaile Brigín agus Gaelcholáiste an Phiarsaigh i Rath Fearnáin. Is scoileanna comhoideachais ilchreidmheacha iad an dá scoil, faoi phátrúnacht An Foras Pátrúnachta. Tréaslaíonn Gaelscoileanna Teo. le pobail an dá scoil; a bpríomhoidí, Aoife Elster agus Joe Mac Suibhne, agus a gcuid foirne, coistí bunaithe an dá scoil, a bhfuil éacht bainte amach acu tar éis blianta fada d'fheachtasaíocht ar son bhunú na scoileanna agus leis na daltaí agus a dtuismitheoirí, atá ag dul i muinín na scoileanna nua agus ag tapú na ndeiseanna iontacha a chuirfear ar fáil dóibh ann.

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí ag ullmhú i dtreo an iarbhunscoil lán-Ghaeilge nua i gCarraig Uí Leighin a oscailt i Meán Fómhair 2015.

Aonaid nua

D'oscail dhá aonad nua i mbliana; Gaelcholáiste Dáibhís i Mala, Corcaigh atá lonnaithe ar an suíomh céanna le Coláiste Dáibhís, agus Aonad lán-Ghaeilge nua i gColáiste Pobail Mhaigh Nuad, iarbhunscoil nuabhunaithe i gCill Dara. Mícheál Ó Leathlobhair atá mar stiúrthóir i nGaelcholáiste Dáibhís agus Siobhán McCauley atá mar phríomhoide ar Choláiste Pobail Mhaigh Nuad. Guímid gach rath ar fhoireann agus daltaí na n-aonad nua. Phléigh Gaelscoileanna Teo. le pátrúin an dá aonad maidir lena mbunú agus tugadh treoir agus tacaíocht dóibh maidir le dea-chleachtas de réir pholasaí na heagraíochta i leith Fhorbairt na nAonad lán-Ghaeilge. Tá an eagraíocht ag plé go leanúnach leo maidir le buanú agus forbairt na n-aonaid agus ag plé leis an Roinn Oideachais & Scileanna maidir le tacaíochtaí cuí a chur ar fáil dóibh.
Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Lú & na Mí ag ullmhú i dtreo aonad lá-Ghaeilge nua a oscailt i gColáiste de Lacy, Cill Dhéagláin, Co. na Mí i 2015. D'oscail Coláiste de Lacy i Meán Fómhair 2014 faoi phríomhoideacht Janice Corrigan.
Dheimhnigh an Roinn Oideachais agus Scileanna go bhfuil fógra le teacht roimh dheireadh 2014 maidir leis na ceantair ina mbeidh gá le soláthar úr ag an iarbhunleibhéal ó 2017 ar aghaidh. I gcás soláthar nua ag an iarbhunleibhéal, déanfar sainmheon teanga na scoile a aithint roimh ré. Is é an critéar a úsáidtear le sainmheon teanga a aithint ag an iarbhunleibhéal ná líon na ndaltaí sna bunscoileanna lán-Ghaeilge sa cheantar

ina bhfuil an soláthar nua le bunú. Tá dúshláin ag baint leis an bpróiseas seo; ní aithníonn sé an t-éileamh ar iarbhunscolaíocht lán-Ghaeilge i measc daltaí i mbunscoileanna nach scoileanna lán-Ghaeilge iad, nó na castachtaí a bhaineann le polasaithe iontrála (i.e. nach gá go mbeadh tús áite tugtha do dhaltaí ó scoileanna lán-Ghaeilge). Níl sé i gceist ag an Roinn plé le haon cheantar ar leith ar bhonn aonair, ainneoin éileamh ar éagsúlacht an tsoláthair, seachas na ceantair atá aitheanta faoin bpróiseas de réir déimeagrafaice. Leanfaidh Gaelscoileanna Teo. le coistí bunaithe a chumasú chun feachtais a rith agus aighneachtaí a chur faoi bhráid na Roinne a léiríonn an t-éileamh ar oideachas lán-Ghaeilge ina gceantair faoi seach.
Chuir Gaelscoileanna Teo. gach tacaíocht ar fáil do phátrúin, coistí bunaithe, tuismitheoirí, daltaí agus príomhoidí na scoileanna agus na n-aonad nua i dtaobh uimhreacha rollaithe, poiblíocht, cúrsaí cóiríochta, scoilphobal a chruthú, buncheisteanna riaracháin agus forbartha na scoileanna. Guíonn an eagraíocht gach rath ar na scoileanna dá dtodhchaí.

Buanú Scoileanna

Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge

D'fhreastail an eagraíocht ar sheisiúin chomhairliúcháin ar an 25 Meitheamh 2014 de chuid na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, tráth ar chuir páirtithe leasmhara, ar a n-áirítear na ceanneagraíochtaí agus eagraíochtaí Gaeltachta, aighneachtaí i láthair maidir le cúrsaí oideachais laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht. Rinne an Roinn Oideachais agus Scileanna cur i láthair ar a ról i bhfeidhmiú na Straitéise. Níl aon uasdátú ar fhorbairtí ó shin.

Soláthar cóiríochta do scoileanna le haitheantas buan

Ba mhaith le Gaelscoileanna Teo. comhghairdeas a dhéanamh leis na scoileanna a fuair foirgneamh nua i mbliana dá scoileanna. Ina measc tá Gaelscoil Éadan Doire; Gaelscoil Chaladh an Treoigh; Gaelscoil de hÍde, Uarán Mór agus Gaelscoil Uí Ríordáin, agus bhog Gaelscoil Pheig Sayers go foirgneamh scoile ar champas oideachais Fhearann Phiarais chomh maith. Tá foirgnimh eile á dtógáil freisin faoi láthair agus pleanáil á dhéanamh do chinn eile arís. Tá moladh ag dul don Roinn Oideachais as an dul chun cinn seo.

É sin ráite, fágtar fós 4 bhunscoil a bunaíodh sna hochtóidí agus 34% díobh a bhfuil aitheantas buan acu nach bhfuil cóiríocht bhuan acu. Ag an dara leibhéal tá fós leath de na scoileanna lán-Ghaeilge neamhspleácha nach bhfuil cóiríocht bhuan acu, agus dúshláin ag roinnt acu fás i gceart mar gheall ar an mbac a chuireann an chóiríocht mhí-oiriúnach orthu.

Beidh liosta eile cóiríochta á dhréachtú ag an Roinn Oideachais don tréimhse ó 2017 ar aghaidh agus beidh Gaelscoileanna Teo. ag déanamh stocaireacht dhian ar son na scoileanna seo bheith san áireamh ar an liosta sin.

Scoileanna faoi phátrúnacht an Easpaig agus an Painéal Ath-imlonnaithe
Mar is eol do scoileanna, d'éirigh leis an eagraíocht dul i bhfeidhm ar an Roinn Oideachais agus Scileanna chun go ndéanfaí leasú beag ar an bhfoirm iarratais don scoilbhliain 2013/2014 don phainéal. Is éard a bhí i gceist leis an leasú ná go n-iarrfaí ar mhúinteoirí tic a chur i mbosca chun a dtoilteanas múineadh i scoil lán-Ghaeilge a léiriú.

Eascraíonn an leasú seo as cainteanna leanúnacha leis an Roinn Oideachais & Scileanna faoi na dúshláin ollmhóra atá ag scoileanna agus iad ag iarraidh ceapachán múinteoirí a chur i gcrích, ar múinteoirí iad a bheadh in ann feidhmiú go hiomlán éifeachtach i suíomh lán-Ghaeilge agus a léireoidh an cur chuige agus an meon ceart chun sainmheon teanga na scoileanna lán-Ghaeilge a chosaint.

Trí shuirbhé, bailíodh aiseolas ó bhunscoileanna lasmuigh agus laistigh den Ghaeltacht ar fheidhmiú an phainéil ó cuireadh an leasú i bhfeidhm ar an bhfoirm iarratais. Táimid an-bhuíoch de na scoileanna a chomhlánaigh an suirbhé dúinn. Bhí ráta freagartha 52.4% ar an suirbhé ó lasmuigh den Ghaeltacht. Baineadh leas as an aiseolas seo chun tuairisciú don Roinn agus do na pátrúin uile le linn mhí Mheán Fómhair ar fheidhmiú an phainéil sa scoilbhliain seo.

As an aiseolas a bailíodh ó scoileanna, ba léir, *inter alia:*

- Sástacht ghinearálta gur dul chun cinn é an leasú, bíodh is nach réitíonn sé na dúshláin uile;
- Gur chabhraigh sé leis an bpróiseas a dhéanamh níos éifeachtaí ag staid níos luaithe sa phróiseas;
- Ba léir míthuiscint ar a raibh i gceist leis an tic sa bhosca agus gur dócha nár thuig múinteoirí na himpleachtaí lena mbaineann;
- Léirigh sé an-chuid dúshláin le caighdeán Gaeilge daoine a roghnaigh tic a chur sa bhosca;
- Níor chuir an-chuid iarrthóirí tic sa bhosca in ainneoin spéis dul ag múineadh i ngaelscoil;
- Bhí a lán painéal gan aon tic léirithe.

De réir dealraimh, níor chuir ach 115 mhúinteoir tic sa bhosca as 2,000 duine a bhí ar an bhfophaineál.

Is iad na príomhmholtaí a chuir Gaelscoileanna Teo. faoi bhráid na Roinne:-

I. Go mbeadh painéal ar leith ann do scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.
II. Go mbeadh sé éigeantach toilteanas nó easpa toilteanais a léiriú – rud a chuirfeadh ar mhúinteoirí cinneadh coinsiasach a dhéanamh, agus a thabharfadh léargas níos cruinne arís ar an staid ina bhfuil cúrsaí.
III. Míniú níos fearr ar céard atá i gceist leis an tic sa bhosca;
IV. Go mbeadh cead ag scoileanna poist a fhógairt mura mbeadh 1) tic sa bhosca, agus 2) caighdeán na Gaeilge sásúil acu siúd a chuir tic sa bhosca.

Ag eascairt as an bplé, léirigh an Roinn Oideachais & Scileanna toilteanas go mbeadh sé éigeantach toilteanas nó easpa toilteanais a léiriú ar an bhfoirm iarratais. Anuas air seo, tá siad sásta i bprionsabal cead a thabhairt do scoileanna post a fhógairt ar educationpost.ie mura bhfuil éinne (cuí) i ndiaidh tic a chur sa bhosca ar an bhfophaineál. Eiseofar an ciorclán i mí Dheireadh Fómhair.

Aithnímid gur céim bheag í seo i dtreo córais níos infheidhmithe agus níos caoithiúla do na scoileanna agus ní bheadh iallach ar mhúinteoirí teagasc i scoil in éadan a dtola, rud a bheadh fritorthúil do shainmheon teanga na scoileanna. Aithnítear nach léireoidh an leasú seo cumas na múinteoirí ná feiliúnacht i dtaobh meoin de le múineadh i scoil lán-Ghaeilge, ach is céim í i dtreo comhréitigh agus beidh deis ag an eagraíocht a bheith gníomhach san athbhreithniú ar an leasú seo arís le linn Mheán Fómhair 2015. Gabhaimid buíochas ollmhór le gach scoil a chuir aiseolas agus moltaí chugainn faoin gceist seo.

Rialachán ar Iontráil Scoileanna

Chuir an eagraíocht aighneacht faoi bhráid an Chomhchoiste um Oideachas agus Coimirce Shóisialach ag eascairt as an dréachtscéim Ghinearálta do Bhille Oideachais (Ligean Isteach ar Scoil), 2013. Ag eascairt as sin, fuarthas cuireadh le cur i láthair a dhéanamh don Chomhchoiste i mí na Nollaig 2013. Fuarthas tacaíocht mhaith ar an lá.

Ag eascairt as an gcomhairliúchán, d'fhoilsigh an Comhchoiste um Oideachas agus Coimirce Shóisialach, i mí Márta 2014, Tuarascáil ar Dhréacht-Scéim Ghinearálta an Bhille Oideachais (Ligean Isteach ar Scoil), 2013. Léirigh an tuairisc dul chun cinn an-mhaith i dtaobh na scoileanna lán-Ghaeilge, agus is léir gur tugadh fíor-éisteacht dár n-ábhar imní mar a bhaineann le cosaint shainmheon teanga na scoileanna lán-Ghaeilge. Ag tógáil ar an riachtanas atá ann córas trédhearcach oscailte a bheith ann, aithníonn na moltaí gur fearr go bhfágfaí faoi údarás na scoileanna lán-Ghaeilge slánchúis na scoileanna a chosaint, rud atá riachtanach. Beidh plé le déanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna faoi na ceisteanna praiticiúla agus na mionsonraí agus is tús an-mhaith é seo don phlé agus idirbheartaíocht leis an Roinn.

Níl aon uasdátú ó shin ach tugtar le fios go bhfuil an Bille á dhréachtú faoi láthair. Beidh impleachtaí tromchúiseacha ann do chosaint shainmheon teanga na scoileanna lán-Ghaeilge mura bhfuil glacadh le moltaí an Chomhchoiste agus na bpáirtithe leasmhara. Beimid ag súil leis an deis plé libh ar an gceist seo a luaithe is a fhoilseofar an Bille.

Aighneachtaí

Ullmhaíodh na haighneachtaí seo a leanas mar fhreagairt don chomhairliúchán faoi seach:

1. Uileghabhálacht Bhreisithe a Chur Chun Cinn sna Bunscoileanna, chuig: *An Roinn Oideachais & Scileanna*
2. Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile, chuig: *An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta*
3. Múnla Nua Molta chun Acmhainní a Chionroinnt le haghaidh daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu i Scoileanna Príomhshrutha.
4. Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, chuig: *An Roinn Oideachais & Scileanna*
5. Scéim faoi fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003), le cur faoi bhráid na *mBord Oideachais agus Oiliúna*
6. *Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais agus Scileanna 2015-2017, chuig: An tArd-Rúnaí, An Roinn Oideachais & Scileanna*

Forbairt Ghairmiúil scoileanna

Forbairt Bhoird Bhainistíochta na Scoileanna

Tá Gaelscoileanna Teo., i gcomhpháirtíocht leis An bhForas Pátrúnachta, tar éis oiliúint ar dhá mhódúl eile de na módúil náisiúnta a chur ar fáil do na bunscoileanna lán-Ghaeilge le bliain anuas. Cuireadh dhá sheisiún oiliúna ar fáil don mhodúl ar dhlí an oideachais agus seisiún eile ar an modúl ar chaomhnú leanaí i mBaile Átha Cliath agus i gCorcaigh. Baineadh triail chomh maith as an modúl dlí a chur ar fáil trí oiliúint ar líne agus tá súil againn tógáil ar an múnla seo d'áiteanna nach mbeadh dóthain daoine sa cheantar le hoiliúint i bhfoirm seimineáir a chur ar fáil. Más suim le haon réigiún eile aon cheann de na módúil a chur ar fáil ina gceantar féin, agus go bhfuil cúpla scoil sásta teacht le chéile agus daoine bheith ar fáil le freastal air, tar i dteagmháil linn agus déanfaimid iarracht seo a éascú do na scoileanna sin. Tá na nótaí ó na cúig mhodúl ar fáil ar shuíomh gréasáin na heagraíochta anois.

Buíochas ar leith le foireann An Foras Pátrúnachta, as an gcomhoibriú leanúnach agus as an dea-chaidreamh agus muid ag forbairt saincheisteanna earnála le chéile agus tionscadail éagsúla, ar a n-áirítear oiliúint do na boird bhainistíochta agus CAER.

CAER

Tá an eagraíocht bainteach leis an eagraíocht Eorpach, CAER (Cumann Oideachais na Réigiún Eorpach), agus ag comhoibriú le réigiúin eile ina bhfuil oideachas trí theangacha neamhfhorleathana á dhéanamh leis na nithe comónta eadrainn (an tumoideachas, mar shampla) a chur chun cinn ag leibhéal Eorpach. Táimid ag iarraidh maoiniú a fháil le hoifigeach a fhostú chun obair an chumainn a chur chun cinn agus cabhrú linn naisc leis na réigiúin éagsúla a láidriú. Beidh comhdháil an chumainn ar siúl i nGlaschú ag tosach na scoilbhliana 2015/16 agus beidh eolas á scaipeadh ar na scoileanna agus na naíonraí ina leith roimh ré. Deis a bheadh anseo do scoileanna/ naíonraí bualadh leo siúd atá ag treabhadh sa ghort céanna i réigiúin eile san Eoraip agus foghlaim óna chéile/nasc a chruthú lena chéile.

Seimineár maidir le hOideachas Forbartha

D'éirigh le hiarratas Gaelscoileanna Teo. le haghaidh deontais de €3,000 ó WorldWise Global Schools i dtreo seimineár oiliúna ar oideachas forbartha a reáchtáil d'iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge le linn na scoilbhliana seo chugainn. Tá súil ag WorldWise Global Schools tuilleadh maoinithe a chur ar fáil sa tréimhse chéanna le cur i dtreo ionadaíocht a íoc do rannpháirtithe an tseimineáir.

Coiste Seasta Thuaidh/Theas ar an nGaeloideachas

Tá comhoibriú leanúnach ar bun ag eagrais de chuid an Choiste Seasta Thuaidh/Theas ar an nGaeloideachas (CSTT) a bhfuil mar aidhm aige comhoibriú agus comhthuiscint i measc na n-eagraíochtaí a bhíonn ag plé leis an oideachas lán-Ghaeilge ón réamhscoil go hiarbhunscoil lán-Ghaeilge sa dá dhlínse agus sa Ghaeltacht a chur chun cinn.

Cuireadh críoch leis an taighde uile-oileánda a choimisiúnaigh an CSTT ar *Anailís ar Mhúnlaí Soláthair Gaelscolaíochta* (an dá leibhéal) leis an Dr Pádraig Ó Duibhir, an Dr Gabrielle Nig Uidhir agus an Dr Seán Ó Cathalláin. Cuirfear torthaí an taighde faoi bhráid na comhdhála i gceann de na seisiúin. Tá achoimre fheidhmeach á fhorbairt ag na taighdeoirí faoi láthair agus tá foilsiú na taighde faoi chaibidil ag an CSTT faoi láthair.

Coiste Thuaidh/Theas ar Oiliúint Múinteoirí san scoileanna lán-Ghaeilge

Tá Gaelscoileanna Teo. mar bhall den choiste thuaidh/theas ar oiliúint múinteoirí sna scoileanna lán-Ghaeilge i gcomhar le Comhairle na Gaelscolaíochta agus le hionadaithe na seirbhísí tacaíochta ón dá Roinn Oideachais (SFGM agus CASS). An aidhm a bhaineann leis an tionscadal ná oiliúint múinteoirí a chur chun cinn tríd an gcomhoibriú thuaidh/ theas. Is é príomhfhócas an chláir oibre do 2014/2015 ná tacú leis an straitéis litearthachta agus uimhearthachta sa dá dhlínse ar na bealaí seo:

- tógáil ar chumas na gceannasaithe
- ardchaighdeán foghlama agus teagaisc a chur chun cinn
- soláthar d'fhorbairt ghairmiúil lánbhrí múinteoirí
- malartú dea-chleachtais
- cur chuige dírithe ar aschur a chur i bhfeidhm

Cuid lárnach den chlár oibre ná clár 2 lá oiliúna thuaidh/theas ag comhdháil Gaelscoileanna Teo. agus ag comhdháil Chomhairle na Gaelscolaíochta faoi seach do líon áirithe scoileanna. Tá na tionscadail reatha ag díriú ar uimhearthacht agus forbairt theanga na matamaitice as Gaeilge.

Tá sé i gceist go mbeidh buntáistí na dtionscadal á leathnú ar an ngréasán do gach bunscoil.

Riachtanas Speisialta Oideachais sa Scoil Lán-Ghaeilge

Tá fochoiste de chuid Gaelscoileanna Teo. ag díriú ar shainriachtanais an chórais Gaelscolaíochta i dtaobh na Riachtanas Speisialta Oideachais ag an dá leibhéal. Mar chuid den obair seo, tá plé ar bun idir Gaelscoileanna Teo. agus na húdaráis chuí a bhfuil cúram RSO orthu. Scaip an eagraíocht ceistneoir ar gach scoil maidir le páistí le RSO sa ghaelscoil / scoil lán-Ghaeilge, Gaeltacht san áireamh) chun eolas cruinn a lorg ar chineál agus na riachtanais éagsúla sna scoileanna. Reáchtáladh cruinniú idir COGG, an NCSE, NEPS agus an SESS ar an 2 Aibreán le riachtanais an chórais a phlé. Cruinniú an-dearfach a bhí ann agus tá plean gnímh curtha le chéile chun aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin. Anuas air sin, tá moladh á chur faoi bhráid an NCSE ar son taighde ar an

gceist. Tá sé i gceist Coiste a bhunú, comhdhéanta de na páirtithe uile thuasluaite, móide ionadaíocht ón gcigireacht.

Tá an NCSE sásta bileog eolais a chur le chéile do thuismitheoirí a bhfuil a bpáistí sa chóras nó tuismitheoirí ionchasacha a shoiléiríonn gur córas oscailte é an córas lán-Ghaeilge do pháistí le gach riachtanas speisialta agus a shoiléiríonn na foinsí tacaíochtaí éagsúla. Beidh Gaelscoileanna Teo. ag obair i gcomhar le NCSE leis an eolas seo a chur le chéile agus chun a chinntiú go mbeidh an córas lán-Ghaeilge tógtha san áireamh i ngach foilseachán nua agus ar shuíomhanna gréasáin de chuid na n-údarás cuí.

Ar an 18 Meitheamh, seoladh moladh an NCSE maidir le leithdháileadh acmhainní do pháistí le RSO sna bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tá Gaelscoileanna Teo rannpháirteach sa phróiseas comhairliúcháin atá idir lámha. Gabhann an eagraíocht buíochas mór le gach scoil a chomhlánaigh an suirbhé a seoladh ar an ábhar. Cuireadh aighneacht faoi bhráid na Roinne Oideachais & Scileanna ar an gceist, agus bunaithe ar aiseolas na scoileanna lán-Ghaeilge. Ba iad príomhphointí an aiseolais:-

1. An-chuid neamhchinnteachta ann faoin bhfeidhmiú praiticiúil.
2. Níl aon aitheantas nó catagóir ann chun riachtanais agus dúshláin bhreise na scoileanna lán-Ghaeilge a mheasúnú, ar a n-áirítear an dúshlán breise a bhaineann leis an teagasc trí mheán na Gaeilge, an éagsúlacht theangeolaíoch i ngach suíomh scoile agus scoil Ghaeltachta – agus de bharr na héagsúlachta seo, ní fheictear gur uirlis chuí iad na scrúduithe caighdeánaithe.
3. Ní thógann an múnla seo an córas tumoideachais san áireamh. Cé go bhfuiltear ag súil leis go mbainfidh scoileanna lán-Ghaeilge ardchaighdeán oideachais amach sa dá theanga, Béarla agus Gaeilge sa Straitéis Litearthachta, ní aithnítear an córas tumoideachais sa mhúnla nua ná aon tacaíocht bhreise chun spriocanna na Straitéise Litearthachta a bhaint amach.
4. Níl measúnú ná tástáil chuí á dhéanamh ar fhoghlaim teangacha nó ar fhoghlaim tri mheán na Gaeilge. Go dtí go mbeidh córas measúnaithe cuí ann, ní bhraitear gur ceart ná go bhfuil sé indéanta sainiú a dhéanamh ar phróifíl oideachais scoil lán-Ghaeilge.
5. Tá an-imní ann go mbeidh na scoileanna thíos leis atá i ndiaidh obair go dícheallach chun caighdeáin a ardú agus go bhfuil baol ann go gcaillfí na hacmhainní a bhí ann go dtí seo. Bheadh impleachtaí aige seo don chaighdeán atá an scoil ag iarraidh a shaothrú, agus do leithdháileadh na n-acmhainní sa todhchaí má thiteann caighdeáin an oideachais dá bharr.

Riachtanais na luathbhlianta

Tá grúpa oibre bunaithe, comhdhéanta de Gaelscoileanna Teo., Foras na Gaeilge, Forbairt Naíonraí Teoranta agus Na Naíonraí Gaelacha i ndiaidh taighde a choimisiúnú ar riachtanais forbartha na naíonraí. Is í an Dr Máire Mhic Mhathúna, ITBÁC, atá i mbun an taighde dúinn agus tá i gceist go ndéanfaí iniúchadh ar mholtaí an taighde, agus é a chur ar fáil ag deireadh na bliana, chun críche struchtúir tacaíochta a aithint agus plean gnímh a bhunú air, de réir acmhainní a bheidh ar fáil chuige.

Seirbhísí Eolais agus Forbairt Scoilphobail

Foilseacháin

Rinneadh a lán oibre i mbliana ar fhorbairt roinnt foilseachán nua agus ar nuashonrú na bhfoilseachán atá ann cheana féin. Tá bileoga nua maidir le tacaíochtaí do thuismitheoirí agus oideachas lán-Ghaeilge ag an iarbhunleibhéal foilsithe againn agus ar fáil ach teagmháil a dhéanamh leis an oifig. Táimid ag forbairt **'Ár bPolasaí Gaeilge do na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge'** agus tá súil é sin a fhoilsiú go luath in 2015 agus ceardlanna oiliúna a bhunú air leis.

Foilsíodh **'Inis do Scéal'** le linn 2014, treoirleabhar margaíochta do naíonraí, bunscoileanna, iarbhunscoileanna agus coistí bunaithe a forbraíodh i gcomhpháirt le Forbairt Naíonraí Teoranta chun cabhrú leis na hinstitiúidí seo féinmhargaíocht a dhéanamh agus chun an leanúnachas idir leibhéil a spreagadh i measc na leibhéal, na bpobal agus na dtuismitheoirí. Léiríonn sé cur chuige praiticiúil, céim ar chéim, maidir le cur chun cinn an naíonra/na scoile i measc an phobail agus beidh sé mar áis do na trí leibhéal; réamhscoil, bunscoil agus iarbhunscoil, chomh maith le coistí bunaithe agus fiontraithe ar mian leo naíonraí a bhunú. Tá sé i gceist againn é a bheith ar fáil i bhfoirm chlóite san athbhliain.

Seirbhísí Nuachta

De bharr easpa acmhainní san eagraíocht, cuireadh foilsiú na nuachtlitreach ar athló in 2014. Aithnímid, áfach, gur áis an-úsáideach do scoileanna í agus tá sé i gceist againn tabhairt faoi arís go luath san athbhliain. Tá nuacht na heagraíochta agus na hearnála á foilsiú go laethúil ar www.gaelscoileanna.ie ar feadh an ama, áfach, agus is féidir scéalta an lae a fháil ar ríomhphost nó trí fhotha RSS ach clárú chuige tríd an suíomh.

Seirbhísí Ar Líne

Tá suíomh gréasáin na heagraíochta, www.gaelscoileanna.ie, ag forbairt go leanúnach le go mbeidh sé mar fhoinse eolais agus mar áis do phobail uile na scoileanna lán-Ghaeilge; foireann, daltaí, tuismitheoirí, eagraíochtaí tacaíochta agus comhlachtaí a chuireann seirbhísí ar fáil do na scoileanna. Tá eolas cuimsitheach ar an suíomh maidir le gach gné d'obair na heagraíochta agus déantar an t-ábhar ann a uasdátú go laethúil le go mbeidh pobal na hearnála oideachais lán-Ghaeilge ar an eolas maidir le himeachtaí, folúntais, scéimeanna agus deiseanna d'fhorbairt scoilphobail.

Tá rannóg ar an suíomh do mhúinteoirí agus stiúrthóirí, áit a bhfuil freagraí ar na ceisteanna coitianta a chuirtear orainn. Táimid ag forbairt an tsuímh le go mbeidh foirne na scoileanna agus na naíonraí in ann acmhainní a chomhroinnt lena chéile.

Imeachtaí Idirscoile agus Scéim nua 'Le Chéile Trí Ghaeilge'

Tríd an scéim 'Imeachtaí Idirscoile' a ritheadh i gcaitheamh na scoilbhliana 2013/14, bhí deis ag scoileanna imeacht dá rogha féin a reáchtáil le scoileanna eile le cúnamh airgid bunaithe ar líon na scoileanna rannpháirteacha. Bhain níos mó na 195 scoil tairbhe as an scéim le linn na tréimhse céanna agus bhí éileamh níos mó ná riamh ar na deontais. Foilsíodh tuairisc agus grianghraif ó na scoileanna rannpháirteacha maidir lena gcuid imeachtaí ar www.gaelscoileanna.ie, le go spreagfaí scoileanna eile chun buntáiste a bhaint as an scéim. Baineadh leas as na deontais le gréasáin a chruthú agus a chothú idir scoileanna agus le cairdeas agus comhoibriú a chur chun cinn.

Tá an scéim deontais á leathnú amach i mbliana, le hainm nua air, le go mbeidh naíonraí in ann iarratais a dhéanamh air chomh maith, agus tá súil againn go mbeidh sé go mór chun a leasa. Fógraíodh an scéim nua ***'Le Chéile Trí Ghaeilge'*** i mí Dheireadh Fómhair agus tá liosta d'eagraíochtaí a chuireann seirbhísí trí Ghaeilge ar fáil do naíonraí agus do scoileanna foilsithe ar www.gaelscoileanna.ie d'fhonn smaointe agus spreagadh a thabhairt do rannpháirtithe na scéime. Foilseofar eolas mar gheall ar imeachtaí eagraíochtaí leasmhara eile ann chomh maith, le gur féidir le naíonraí agus scoileanna úsáid a bhaint as an deontas chun freastal ar na himeachtaí sin más mian leo.

Scléip

Ritheadh an comórtas tallainne do na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta, Scléip, i gcéad leath na bliana 2014. Príomhaidhm Scléip ná daltaí a spreagadh le Gaeilge a úsáid i réimsí éagsúla de na healaíona, agus tá sé dírithe ar cheol, amhráin, cóiréagrafaíocht agus drámaíocht nuachumtha Ghaeilge a chur chun cinn. Bhí rath agus iomrá ar Scléip 2014 agus bhí rannpháirtíocht ard ann ó scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta ar fud na tíre – ghlac níos mó ná 500 dalta ó iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge páirt ann.

Reáchtáladh 3 bhabhta réigiúnacha i mBaile Átha Cliath, Corcaigh agus Doire agus tugadh buaiteoirí na mbabhtaí sin le chéile san Amharclann Axis, Baile Átha Cliath don chraobh le linn mhí an Mhárta, áit a raibh baill den ghrúpa Kíla mar mholtóirí ar an gcomórtas. Léiríodh caighdeán an-ard de chur i láthair ó na daltaí agus tá ardmholadh ag dul dóibh as a gcuid scileanna ardáin. Ba iad daltaí Phobalscoil Ghaoth Dobhair a bhuaigh Duais an Chomórtais leis an dráma *Filleann an Feall ar an bhFeallaire.* Bronnadh duais Rogha Kíla ar Cian Ó Maoláin, giotáraí le *Flúirse Fonn,* Gaelcholáiste Mhuire AG agus bronnadh Duais an Spotsholais ar *Cailíní Óga,* Scoil Iosaf.

Ba é seo an comórtas deireanach faoi stiúir Gaelscoileanna Teo. óir aistríodh an tionscadal seo go Gael Linn mar chuid den phróiseas cuíchóirithe ar na heagraíochtaí agus faoi réir threoir Fhoras na Gaeilge. B'aistriú an-rathúil a bhí ann chuig Gael Linn agus tá Gaelscoileanna Teo. an-mhuiníneach as cumas agus as spéis Gael Linn é a reáchtáil ar ardchaighdeán. Leanfaidh an eagraíocht ar aghaidh ag treorú agus ag cabhrú le bainistíocht an tionscadail. Guímid gach rath ar Gael Linn agus ar na hiarbhunscoileanna lán-Ghaeilge a bheidh páirteach ann amach anseo. Gabhaimid buíochas mór le gach scoil a ghlac páirt ann roimhe seo agus a léirigh tallann, ardchaighdeán agus díograis den scoth.

Nótaí beag buíochais

Buíochas leis an mBord Stiúrtha

Thar ceann na foirne, is mian liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil leis an mBord Stiúrtha as a gcúnamh leanúnach don fhoireann. Táimid an-bhuíoch den Uachtarán, Máirín Ní Chéileachair, a chuir í féin ar fáil go fial flaithiúil le linn na bliana, bliain a bhí an-dúshlánach i stair na heagraíochta leis an athrú suntasach ar róil agus ar fheidhmeanna na heagraíochta. Bíonn Máirín ar fáil go leanúnach, agus go fonnmhar le cabhrú agus le tacú le forbairt na heagraíochta. Is mór againn é agus tacaíocht an bhoird ina iomláine.

Buíochas leis an bhFoireann

Ba bhliain dhúshlánach a bhí ann don fhoireann agus iad ag plé le doiléire faoi thodhchaí na heagraíochta. Agus róil agus feidhmeanna na heagraíochta níos soiléire anois, agus líon na foirne ag méadú, tá an fhoireann ag cur lena gcuid saintuisceana agus taithí ar fhoréimsí uile na heagraíochta. Táim an-bhuíoch den fhoireann as dearfacht agus gairmiúlacht a léiriú i gcónaí agus as an toilteanas croíúil tabhairt faoi na réimsí nua agus forbairt foirne chun na críche sin.

Tá forbairt tagtha ar líon agus ar chineál na bpost san eagraíocht, agus is é seo thíos an comhdhéanamh reatha:

- Ardfheidhmeannach: Bláthnaid ní Ghréacháin
- Leas-Ardfheidhmeannach: Nóra Ní Loingsigh
- Oifigeach Sinsearach Polasaí agus Forbartha: Clare Spáinneach
- Oifigigh Forbartha (Bunú agus buanú naíonraí agus scoileanna): Cormac Ó Feinneadha & Ciara Ní Bhroin
- Oifigeach Eolais agus Airgeadais: Sandra Uí Chléirigh
- Riarthóir Oifige: le ceapadh
- Speisialtóirí Luathbhlianta Tuaisceart Éireann x 2 – le deimhniú.

D'fhágamar slán i mbliana le hAonghus Ó Lochlainn agus le hÁine Ní Neachtain agus guímid gach rath orthu beirt.

Buíochas le heagraíochtaí oideachais agus Gaeilge

Gabhaimid buíochas mór leis na heagraíochtaí uile a mbímid ag comhoibriú leo agus ag forbairt saincheisteanna oibre le chéile leo; áirítear ina measc balleagraíochtaí an Choiste Seasta Thuaidh/ Theas ar an nGaeloideachas, na ceanneagraíochtaí, na páirtnéirí oideachais agus na heagrais oideachais agus Ghaeilge uile.

Buíochas le Foras na Gaeilge

Táimid an-bhuíoch d'Fhoras na Gaeilge as an gcomhoibriú agus as an maoiniú d'fhorbairt agus d'fheidhmiú chlár oibre na heagraíochta. Gabhaimid buíochas ar leith le Seán Ó Coinn agus le Joe Ó Coinne as an gcomhoibriú agus as an gcúnamh leanúnach.

Foireann Gaelscoileanna Teo.
Samhain 2014

Tuairisc an Rúnaí 2014

Reáchtáladh cruinnithe ag leibhéal an Bhoird Stiúrtha ó Chomhdháil 2013 i leith ar na dátaí seo a leanas:

Bliain ghnóthach leochaileach a bhí ann do Bhoird Stiúrtha Gaelscoileanna Teo. Osclaíodh dhá Ghaelcholáiste nua i mbliana – Coláiste Ghlór na Mara, Baile Brigín agus Gaelcholáiste an Phiarsaigh, Rath Fearnáin. Osclaíodh dhá aonad chomh maith – Gaelcholáiste Dáibhís i Mala agus Aonad nua i Maynooth Community College. Dheimhnigh an Roinn Oideachais agus Scileanna go bhfuil fógra le teacht roimh dheireadh na bliana seo maidir leis na ceantair ina mbeidh gá le soláthar úr ag an mbunleibhéil ó 2015 ar aghaidh. Leanfaidh Gaelscoileanna Teo. ag plé leis an Roinn ag éileamh go gcuirfí saimnmheon teanga agus ceart oideachais páistí san áireamh agus an Roinn ag pleanáil chun cinn maidir le soláthar scoile.

Ó bhí Comhdháil Bhliantúil agus Oideachais 2013 ann tharla athruithe móra in earnáil dheonach na Gaeilge. Bhí rath ar iarratas Gaelscoileanna Teo. sa phróiseas cuíchóirithe ar na heagrais Ghaeilge. Fógraíodh toradh an phróisis uile ar an 17 Eanáir 2014 agus roghnaíodh Gaelscoileanna Teo. le feidhmiú mar an cheanneagraíocht sa mhór-réimse Gaeloideachas/ Tumoideachas agus Réamhscolaíocht lán-Ghaeilge. Bíonn plé leanúnach ag Gaelscoileanna Teo., i gcomhar leis an bhFóram (guth aontaithe na n-eagraíochtaí bunmhaoinithe) ar cheisteanna mar a bhaineann leis an bpróiseas cuíchóirithe. Tharla athruithe agus méadú ar chúrsaí foirne i nGaelscoileanna Teo. le gairid agus guímid gach rath orthu.

Cuireadh oiliúint ar fáil do na Boird Bhainistíochta i gcomhpháirt leis an bhForas Pátrúnachta le linn na bliana agus beidh a thuilleadh oiliúna á eagrú le linn na scoilbhliana 2014-2015. Arís i mbliana bhí an-éileamh ar na himeachtaí idirscoile. Tá an scéim deontais idirscoile leasaithe anois agus leathnaithe ionas go gcuimseofaí na naíonraí. Reáchtáladh comórtas tallainne na n-iarbhunscoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta Scléip! i rith na bliana agus d'éirigh thar barr leis. Tá Scléip anois faoi stiúir Gael Linn.

I measc na n-aighneachtaí a d'ullmhaigh Gaelscoileanna Teo. ó bhí an Chomhdháil Oideachais 2013 ann tá:

1. Uileghabhálacht Bhreisithe a Chur Chun Cinn sna Bunscoileanna, chuig: *An Roinn Oideachais agus Scileanna.*

2. Dréacht-Churaclam Teangacha na Bunscoile, chuig: *An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta*

3. Múnla Nua Molta chun Acmhainní a Chionroinnt le haghaidh daltaí a bhfuil Riachtanais Speisialta acu i Scoileanna Príomhshrutha.

4. Straitéis Dhigiteach do Scoileanna, chuig: *An Roinn Oideachais agus Scileanna.*

5. Scéim faoi fhorálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003), le cur faoi bhráid na *mBord Oideachais agus Oiliúna.*

6. Ráiteas Straitéise na Roinne Oideachais agus Scileanna 2015-2017, chuig: *An tArd-Rúnaí, An Roinn Oideachais agus Scileanna.*

Tá Gaelscoileanna Teo. mar bhall-eagraíocht den Choiste Seasta Thuaidh / Theas ar an nGaeloideachas agus tá torthaí an taighde uile-oileánda ar *'Anailís ar Mhúnla Soláthair Gaelscolaíochta'* á gur i láthair ag ár gComhdháil ar an Aoine 21 Samhain 2014.

Gabhaim buíochas leis an Uachtarán, leis an mBord Stiúrtha, le foireann Gaelscoileanna Teo. agus le pobal uile na scoileanna agus muid ag ullmhú do Chomhdháil Oideachais eile den scoth.

Yvonne Ní Mhurchú
Rúnaí don Bhord Stiúrtha
Samhain 2014

Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo 2013-2014

Dréacht-Mhiontuairiscí Cruinniú Cinn Bhliana 23 Samhain 2013

Miontuairiscí 2012
Díríodh aird an tslua ar na miontuairiscí ó Chruinniú Cinn Bhliana 2012
Molta: Mait Ó Brádaigh
Tacaithe: Fíona Uí Uiginn

Tuairisc an Rúnaí
Cuireadh Tuairisc an Rúnaí 2013 i láthair an chruinnithe.

Cuntais na Bliana
Cuireadh na cuntais iniúchta 2012 i láthair an chruinnithe.

Tuairisc na hEagraíochta 2013 agus Tuairisc ar na Rúin 2012
Chuir Bláthnaid Ní Ghréacháin Tuairisc na hEagraíochta 2013 agus Tuairisc ar na Rúin ó ritheadh an Cruinniú Cinn Bhliana 2012 i láthair an chruinnithe. Tugadh léargas ar obair na heagraíochta ó Chomhdháil Bhliantúil 2012 de réir na rún a ritheadh ag Cruinniú Cinn Bhliana 2012 agus de réir 3 phríomhréimse oibre na heagraíochta: Bunú Scoileanna, Buanú Scoileanna agus Forbairt Scoilphobail. Ghabh Bláthnaid buíochas leis an Uachtarán Máirín Ní Chéileachair, leis an mBord Stiúrtha agus leis an bhfoireann iomlán.

Na Toghcháin

Toghchán na nOifigeach

Leas-Uachtarán:	Cathnia Ó Muircheartaigh, tofa gan iomaíocht.
Rúnaí:	Yvonne Ní Mhurchú, tofa gan iomaíocht.
Leas-Rúnaí:	Clodagh Ní Mhaoilchiaráin, tofa gan iomaíocht.
Cisteoir:	Dealgan Ó Ciarubháin, tofa gan iomaíocht
Oifigeach Polasaí agus Pleanála:	Mícheál Ó Broin, tofa gan iomaíocht.

Toghchán na nGnáthstiúrthóirí
Mhol an tUachtarán go dtoghfaí an 8 n-iarrthóir mar ghnáthstiúrthóirí. Tacaíodh leis an moladh seo.

Toghadh na 8 n-iarrthóir d'aonghuth:
Norma Ní Chonchúir
Seán Mag Oireachtaigh
Cathal Ó Luain
Fíona Uí Uiginn
Elaine Ní Shé
Seán Ó Nuanáin
Aoife Ní Chochláin
Róisín Ní Ríordáin

Na Rúin

Na Rialacha Seasta – Díríodh aird gach duine ar na rialacha seasta agus míníodh nach bhfuil cead vótála ach ag baill chláraithe amháin.

Cuireadh na rúin os comhair an chruinnithe mar seo a leanas:

Cuireadh rún úr os comhair an chruinnithe le togáil ar rún 9.
Ceadaíodh go rithfí an rún.

Rún 1:
Molta: Norma Ní Chonchúir
Tacaithe: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Ritheadh an rún d'aon ghuth.
Bhí Cathnia Ó Muircheartaigh sa chathaoir do Rún 2 – 3

Rún 2:
Molta: Máirín Ní Chéileachair
Tacaithe: Elaine Ní Shé
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

Rún 3:
Molta: Mairín Ní Chéileachair
Tacaithe: Fíona Uí Uiginn
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

Rún 4:
Molta: Norma Ní Chonchúir
Tacaithe: Róisín Ní Ríordáin
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

Rún 5:
Molta: Norma Ní Chonchúir
Tacaithe: Póla Ní Chinnsealaigh
Ritheadh an rún d'aon ghuth

Bhí Cathnia Ó Muireartaigh sa chathaoir do Rún 6.

Rún 6:
Molta: Máirín Ní Chéileachair
Tacaithe: Seán Ó hÁrgáin
Glacadh leis an rún d'aon ghuth

Rún 7:
Molta: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Tacaithe: Seán Ó hÁrgáin
Ritheadh an rún d'aonghuth.

Bhí Cathnia Ó Muirecheartaigh sa chathaoir do Rún 8-9

Rún 8:
Molta: Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Tacaithe: Seán Ó hÁrgáin
Ritheadh an rún d'aonghuth

Rún 9:
Molta: Deaglan Ó Ciarubháin
Tacaithe: Máirín Ní Cheileachair
Ritheadh an rún d'aonghuth

Rún úr:
Molta: Norma Ní Chonchúir
Tacaithe: Róisín Ní Ríordáin
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

Rún 5:
Todhchaí Maoinithe ESG

Cáineann an Chomhdháil cinneadh na Roinne Ealaín, Oidhreachta agus Gaeltachta go mbeidh deireadh le deontas ESG ag deireadh na bliana 2013.

Éilíonn an Chomhdháil go dtabharfar aitheantas cuí do ról agus tábacht na hoibre a dhéanann ESG ar son scoileanna lán-Ghaeilge sa Ghaeltacht trí struchtúr maoinithe inmharthana a chur ar fail dóibh láithreach.

Bord Stiúrtha Gaelscoileanna Teo.

Molta: Máirín Ní Chéileachair
Tacaithe: Mait Ó Brádaigh
Ritheadh an rún d'aon ghuth.

Rún 10:
Molta: Fiona Ní Uiginn
Tacaithe: Seán Mac Oireachtaigh
Ritheadh an rún d'aon ghuth

Rún 11:
Molta: Fiona Uí Uiginn
Tacaithe: Seán Mac Oireachtaigh
Ritheadh an rún d'aon ghuth

Aon Ghnó Eile:
Ghabh an tUachtarán buíochas le gach duine i láthair agus le ESG as comh-chomhdháil a eagrú. Ritheadh rún buíochais agus comhghairdis le foireann na heagraíochta as comhdháil den scoth a eagrú. Gabhadh buíochas le Nóra Ní Loingsigh agus foireann an óstáin chomh maith.

Ritheadh rún buíochais le Pádraig Ó Duinneacha, Póla Ní Chinnsealaigh agus Hazel Ní Phíogóid as ucht a ndílseachta agus a dtacaíochta i gcónaí mar bhaill den Bhord Stiúrtha ar ócáid a n-imeachta ón mBord Stiúrtha. Fáiltíodh roimh Róisín Ní Ríordáin mar bhall nua den Bhord Stiúrtha.

Scor an cruinniú.

GAELSCOILEANNA TEORANTA

(Cuideachta Faoi Theorainn Ráthaíochta Gan Scairchaipteal)

Ráitis Airgeadais

Don Bhliain Dar Chríoch

31 Nollaig 2013

Halla Naomh Phádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Gríofa
Baile Átha Cliath 9

Gaelscoileanna

Clár

Eolas 27
Tuarascáil na Stiúrthóirí 28
Freagrachtaí Stiúrthóirí 29
Tuarascáil an Iniúchóra 30
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais 31
Clár Comhardaithe 32
Nótaí ar na Cuntais 33
Ráiteas Sreabhadh Airgid 35
Cuntas Oibriúcháin 36

Eolas

Stiúrthóirí

Uachtarán Máirín Ní Chéileachair
Mícheál Ó Broin
Cathnia Ó Muircheartaigh
Yvonne Ní Mhurchú
Clodagh Ní Mhaoilchiaráin
Dealgan Ó Ciarubháin
Seán Mag Oireachtaigh
Cathal Ó Luain
Seán Ó Nuanáin
Fíona Uí Uiginn
Norma Ní Chonchúir Elaine Ní Shé Aoife Ní Chochláin
Róisín Ní Ríordáin

Rúnaí

Yvonne Ní Mhurchú

Oifig Chláraithe

Halla Naomh Phádraig
Institiúid Oideachais Marino
Ascaill Uí Ghríofa
Baile Átha Cliath 9

Uimhir Chláraithe

317146

Uimhir CHY

13520

Baincéirí

Bainc Aontas Éireann
40/41 Sráid an Fheistí
Baile Átha Cliath 2

Iniúchóir

Dáithí Ó Maolchoille
Cuntasóir Cairte agus
Comhlacht Reachtúil
Iniúchóireachta
75 Páirc Weston
Baile an Teampaill
Baile Átha Cliath 14

Tuarascáil na Stiúrthóirí Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2013

Cuireann na stiúrthóirí a ráitis airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 faoi bhráid na gcomhaltaí.

Athbhreithniú ar Imeachtaí na Bliana

Is scátheagraíocht í an chuideachta a chomhordaíonn agus a thugann tacaíocht do Ghaelscoileanna ar fud na tíre.

Torthaí na Bliana agus Staid Cúrsaí ar 31 Nollaig 2013

Tá an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus an Clár Comhardaithe don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2013 ar leathanaigh 8 go 12. Tá toradh na bliana le léamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais ar leathanach 8. Tá staid chúrsaí na cuideachta léirithe ar an gClár Comhardaithe ar leathanach 9.

Stiúrthóirí

Ar 23 Samhain 2013 d'éirigh Pádraig Ó Duinneacha, Hazel Ní Phiogóid agus Póla Ní Chinnsealaigh as an mBord Stiúrtha agus ceapadh Róisín Ní Ríordáin mar stiúrthóir.

De réir na nAirteagal Comhlachais éiríonn na stiúrthóirí go léir as oifig ag an gcruinniú cinn bhliana agus, iad a bheith inainmnithe, cuireann siad iad féin ar fáil le bheith atofa. Éiríonn an tUachtarán as oifig gach dara bliain agus í a bheith inainmnithe, cuireann sí í féin ar fáil le bheith atofa.

Gníomhaíonn na stiúrthóirí go léir ar bhonn deonach.

Imeachtaí Tábhachtacha Ó Dheireadh na Bliana

Ní raibh aon imeachtaí tábhachtacha a bhaineann leis an gcuideachta ó dheireadh na bliana.

Forbairtí Amach Anseo sa Ghnóthas

Leanfaidh an chuideachta ag feidhmiú faoi mar atá sí faoi láthair sa bhliain seo chugainn.

Leabhair Chuntais

Is iad na céimeanna a ghlacann na stiúrthóirí chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil coinníollacha Ailt 202 de Acht na gCuideachtaí 1990, faoi leabhair chuntais chuí, á gcomhlíonadh ná: na polasaithe agus na nósmhaireachtaí riachtanacha a fheidhmiú chun idirbhearta a chlárú; foireann chuntasaíochta chumasach, le taithí oiriúnach, a fhostú; agus dóthain acmhainní a sholáthar chun chúram a dhéanamh de na cuntais. Coimeádtar na leabhair chuntais ag Oifig Chláraithe na Cuideachta.

Iniúchóir

Chuir Dáithí Ó Maolchoille, Cuntasóir Cairte agus Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta,
in iúl go bhfuil sé toilteanach leanúint in oifig de réir Alt 160(2), Acht na gCuideachtaí 1963.

Ar son na stiúrthóirí
Máirín Ní Chéileachair
Dealgan Ó Ciarubháin
Stiúrthóirí
26 Márta 2014

Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2013

Tá na stiúrthóirí freagrach as an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais a ullmhú de réir dhlíthe oiriúnacha agus de réir Chleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn, ar a n-áirítear na caighdeáin chuntasaíochta atá eisithe ag an mBord um Chaighdeáin Cuntasaíochta agus atá foilsithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

De réir dlí cuideachta tá iallach ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú i gcomhair gach bliana airgeadais a thugann léargas fíor cothrom ar ghnóthaí na cuideachta agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don tréimhse sin. Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu ní foláir do na stiúrthóirí:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin sa chás go bhfuil sé mí-oiriúnach a cheapadh go leanfaidh an chuideachta i mbun gnó.

Deimhníonn na stiúrthóirí go bhfuil na riachtanais thuas comhlíonta agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuntasaíochta chuí a choimeád a léiríonn le cruinneas réasúnta stádas airgeadais na cuideachta ag am ar bith agus a chuireann ar a gcumas bheith deimhin de go bhfuil na ráitis airgeadais ullmhaithe de réir Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá réir sin as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus gnóthaí cama eile a chosc agus a aimsiú.

Chomh fada agus is eol do na stiúrthóirí:

- níl aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta ann (faisnéis a bheadh ag teastáil ón iniúchóir agus é ag ullmhú a thuarascála) nach eol do iniúchóir na cuideachta, agus
- tá gach céim glactha ag na stiúrthóirí a ba chóir dóibh a ghlacadh chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha iniúchóireachta agus chun a chinntiú go bhfuil iniúchóir na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Ar son na stiúrthóirí
Máirín Ní Chéileachair
Dealgan Ó Ciarubháin
Stiúrthóirí
26 Márta 2014

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách do na Comhaltaí

Tá iniúchadh déanta agam ar na ráitis airgeadais de Ghaelscoileanna Teoranta don bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2013 ar a n-áirítear an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, Ráiteas na nGnóthachan agus na gCaillteanas Iomlán Admhaithe agus na nótaí gaolmhara ar leathanaigh 8 go 12. Is iad dlí na hÉireann agus caighdeáin chuntasaíochta eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus foilsithe ag Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn (Cleachtais Chuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn) an creat tuairisciú airgeadais atá i bhfeidhm in ullmhú na ráiteas airgeadais.

Is do chomhaltaí na cuideachta amháin, mar chomhlacht, faoi réir Alt 193 de Acht na gCuideachtaí 1990 a dhéantar an tuarascáil seo. Chuaigh mé i mbun na hoibre iniúchta le go bhféadfainn a lua le comhaltaí na cuideachta na nithe sin a cheanglaítear orm a lua i dtuarascáil iniúchóra agus chun na críche sin amháin. Chomh fada agus is ceadmhach dom de réir dlí ní ghlacaim ná ní ghabhaim chugam féin freagracht do dhuine ar bith seachas don chuideachta agus do chomhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as m'obair iniúchta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar tháinig mé orthu.

Freagrachtaí na stiúrthóirí agus an iniúchóra faoi seach

Mar atá mínithe níos iomláine san Ráiteas ar Fhreagrachtaí Stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 5, tá na stiúrthóirí freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais chun léargas fíor agus cothrom a thabhairt. Is é an dualgas atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a nochtadh orthu faoi réir dhlí na hÉireann agus na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchta (RA agus Éire). Éilíonn na caighdeáin seo go gcloífinn le Caighdeáin Eitice do Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchta.

Scóp iniúchadh na ráiteas airgeadais

Áirítear, in iniúchadh, fianaise a fháil faoi na suimeanna agus nochtadh faisnéise sna ráitis airgeadais chun dóthain cinnteachta réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, cé acu calaois nó earráid ba chúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar: cé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na cuideachta agus cé acu an gcuirtear nó nach gcuirtear na polasaithe sin i bhfeidhm go comhsheasmhach agus an nochtar go leordhóthanach iad; réasúntacht meastachán cuntasaíochta suntasacha a rinne na stiúrthóirí; agus cur i láthair na ráiteas airgeadais. De bhreis air sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamh-airgeadais go léir i dTuarascáil na Stiúrthóirí chun nithe neamh-chomhsheasamhacha leis na ráitis airgeadais iniúchta a aithint. Má thagaim ar eolas faoi mhíráiteas nó faoi nithe neamh-chomhsheasamhacha ábhartha déanaim na himpleachtaí do mo thuarascáil a mheas.

Tá an t-iniúchadh déanta agam faoi réir choinníollacha Chaighdeán Eitice an Bhoird um Chleachtais Iniúchta lena n-áirítear Caighdeán Eitice an Bhoird um Chleachtais mar atá leagtha amach i nóta 6 de na ráitis airgeadais.

Tuairim ar na ráitis airgeadais

Is í mo thuairim maidir leis na ráitis airgeadais:

- go dtugann siad léargas fíor agus cothrom faoi réir na gCleachtas Cuntasaíochta a bhfuil gnáth-ghlacadh leo in Éirinn ar ghnóthaí na cuideachta mar a bhí ar an 31 Nollaig 2013 agus ar a toradh don bhliain a chríochnaigh ansin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 2013.

Ábhair a éilíonn Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 orm a thuairisciú

- Fuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a mheas mé ba ghá i gcomhair mo iniúchta.
- Is í mo thuairim gur choimeád an chuideachta leabhair chuntais chuí.
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na leabhair chuntais.

Ábhair gur gá dom a thuairisciú go heisceachtúil

Níl aon ní le tuairisciú agam a n-éilítear orm ag forálacha Achtanna na gCuideachtaí 1963 go 2013 a thuairisciú daoibh más í mo thuairim é nach nochtar luach saothair nó idirbhearta na stiúrthóirí atá sonraithe sa dlí.

Dáithí Ó Maolchoille
Iniúchóir Cláraithe, Cuntasóir Cairte
Sínithe ar a shon agus thar a cheann:
Dáithí Ó Maolchoille
Comhlacht Reachtúil Iniúchóireachta
75 Páirc Weston
Baile Átha Cliath 14
26 Márta 2014

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2013

	Nótaí	2013 €	2012 €
Ioncam		421,064	453,843
Caiteachas		(425,068)	(428,814)
Farasbarr oibreacháin ar ghnáthghníomhachtaí roimh cháin	2	(4,004)	25,029
Cáin ar fharasbarr ar ghnáthghníomhachtaí	3	-	-
Farasbarr ar ghnáthghníomhachtaí tar éis cánach		(4,004)	25,029
Farasbarr ag 1 Eanáir		130,710	105,681
Farasbarr ag 31 Nollaig		126,706	130,710

RÁITEAS NA nGNÓTHACHAN AGUS NA gCAILLTEANAS IOMLÁN ADMHAITHE

Ní raibh gnóthachan ná caillteanas ar bith admhaithe seachas toradh coimeádta an bhliain airgeadais. Ní raibh gluaiseachtaí ar bith i gcistí na cuideachta i rith na bliana seachas toradh coimeádta na bliana airgeadais.

Ar son na stiúrthóirí
MÁIRÍN NÍ CHÉILEACHAIR
DEALGAN Ó CIARUBHÁIN
Stiúrthóirí

Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2013

	Nótaí	2013 €	2012 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA	4	-	-
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe		30,213	114,766
Airgead sa bhanc		115,425	37,550
		145,638	152,316
CREIDIÚNAITHE (iníoctha laistigh de bhliain amháin)		(18,932)	(21,606)
GLANSÓCMHAINNÍ REATHA		126,706	130,710
SÓCMHAINNÍ IOMLÁNA LÚIDE DLITEANAIS REATHA		126,706	130,710
COMHDHÉANTA MAR A LEANAS Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		126,706	130,710

Ar son na stiúrthóirí
MÁIRÍN NÍ CHÉILEACHAIR
DEALGAN Ó CIARUBHÁIN
Stiúrthóirí

Nótaí ar na Cuntais Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2013

1. POLASAÍ CUNTASAÍOCHTA

Gnás Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir an ghnás chéadchostais.

Dímheas Sócmhainní Inláimhsithe Dochta

Soláthraítear dímheas ar na sócmhainní inláimhsithe go léir ag rátaí atá measta chun costas na sócmhainní, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar an tréimhse a mbíonn siad inúsáidte ar mhodh na líne dírí mar a leanas:

Trealamh oifige	33 1/3 % per annum

Pinsin

Tá leasanna pinsin maoinithe thar thréimhse seirbhíse na bhfostaithe mar ranníocaíochtaí do chiste faofa. Tá na ranníocaíochtaí curtha i gcoinne an chuntais Ioncaim agus Caiteachais sa tréimhse lena mbaineann siad.

2. (EASNAMH)/FARASBARR OIBREACHÁIN AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ ROIMH CHÁIN

	2013 €	2012 €
Léirítear na torthaí roimh cháin tar éis na gcostas seo leanas a íoc:		
Táille iniúchóra – iniúchadh	1,000	1,000
– seirbhísí neamhiniúchóireachta	1,000	1,000

3. CÁIN AR THORTHAÍ AR GHNÁTHGHNÍOMHACHTAÍ

Tá stádas carthanúil faighte ag an gcuideachta ó na Coimisinéirí Ioncaim a thugann faoiseamh ó cháin i leith ioncaim nó ghnócháin chaipitiúla a úsáidtear agus atá inúsáidte chun críche aidhmeanna carthanúla amháin. Bronnadh an stádas sin ar an gcuideachta i litir ó na Coimisinéirí Ioncaim dar dáta 14 Feabhra 2000.

4. SÓCMHAINNÍ INLÁIMHSITHE DOCHTA

	Trealamh Oifige €
Costas	
Ag 1 Eanáir agus 31 Nollaig	26,444
Dímheas	
Ag 1 Eanáir	26,444
Muirear na bliana reatha	-
Ag 31 Nollaig	26,444
Glanmhéid	
31 Nollaig 2013	-
31 Nollaig 2012	-

5. STÁDAS NA CUIDEACHTA

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta gan scairchaipiteal is ea an chuideachta. Tá ráthaíocht na gcomhaltaí teoranta go €1 an chomhalta a leanann ar feadh bliana amháin tar éis deiridh le comhaltas aonair.

6. SEIRBHÍSÍ CURTHA AR FÁIL AG AN INIÚCHÓIR NEAMHSPLÉACH

Dála a lán gnóthas eile ar chóimhéid agus den chineál céanna, cuidíonn ár n-iniúchóir linn na ráitis airgeadais a ullmhú, tuairisceáin bhliantúla a ullmhú agus a chur bhráid na hOifige um Chlárú Cuideachtaí agus tuairisceáin a ullmhú agus a chur faoi bhráid na n-údarás cánach.

7. GLACADH LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Ar 26 Márta 2014 d'fhaomh na stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus d'údaraigh siad go n-eiseofaí iad.

Ráiteas Sreabhadh Airgid
Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2013

	2013 €	2012 €
(EIS)/INSREABHADH GLAN AIRGID THIRIM Ó GHNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN	77,875	(74,368)
(Laghdú)/méadú ar airgid tirim agus ar choibhéisí airgid thirim	(77,785)	(74,368)
ANAILÍS AR AIRGEAD AGUS AR CHOIBHÉISÍ AIRGID AGUS AR GHLUAISEACHTAÍ I RITH NA BLIANA		
Airgead sa bhanc:		
Ag tús na bliana	37,550	111,918
In/(eis)sreabhadh airgid thirim	77,875	(74,368)
Ag deireadh na bliana	115,425	37,550
RÉITEACH IDIR FARASBARR NA BLIANA AGUS SREABHADH AIRGID THIRIM Ó GNÍOMHACHTAÍ OIBRIÚCHÁIN		
(Easnamh)/farasbarr	(4,004)	25,029
Laghdú/(méadú) ar fhéichiúnaithe	84,553	(114,766)
(Laghdú)/méadú ar chreidiúnaithe	(2,674)	15,369
	77,875	(74,368)

Cuntas Oibriúcháin Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2013

	2013 €	2012 €
Ioncam		
Deontas – Foras na Gaeilge	396,240	431,798
Ballraíocht	7,082	6,515
Fógraíocht/seastáin - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	7,560	4,150
Táille - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	9,532	10,185
Nuachtlitir	650	93
Pacáiste - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	-	900
	421,064	453,843
Caiteachas		
Tuarastail agus Préimheanna Pinsin	259,342	277,719
Taisteal agus Cothabháil	24,545	23,706
Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	23,296	20,953
Cíos	23,434	23,433
Árachas	1,100	1,000
Costais Oifige	20,653	18,530
Táillí Bainc	428	522
Táillí Proifisiúnta	5,364	7,198
Táillí Iniúchóireachta agus Cuntasaíochta	2,460	2,460
Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna	13,186	5,420
Scléip	14,328	13,567
Imeachtaí Idirscoileanna	27,429	18,450
Foilseacháin/ Poiblíocht	6,589	7,097
Costais an LRC	2,914	-
Cúrsaí Forbairt Ghairmiúil Scoileanna	-	2,695
Scéim Phíolótach Aistriú le Forbairt Naíonra Teoranta	-	5,000
Líonra Réigiúnach	-	862
	425,068	428,814
(Easnamh)/farasbarr na bliana	(4,004)	25,029

Cuntas Oibriúcháin
Don Bhliain Dar Chríoch 31 Nollaig 2013

	2013 €	2012 €
Cuntas 1		
Ioncam		
Deontas – Foras na Gaeilge	396,240	431,798
Fógraíocht/seastáin - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	7,560	4,150
Táillí - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	9,532	10,185
Nuachtlitir	650	93
Pacáiste - Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	-	900
	413,982	447,126
Caiteachas		
Tuarastail agus Préimheanna Pinsin	259,342	277,719
Taisteal agus Cothabháil	24,545	23,706
Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	23,296	20,053
Cíos	23,434	23,433
Árachas	1,100	1,000
Costais Oifige	20,653	18,530
Táillí Bainc	428	522
Táillí Proifisiúnta	7,824	9,658
Deontais - Bunú agus Cabhrú Scoileanna	13,186	5,420
Scléip	14,328	13,567
Imeachtaí Idirscoileanna	27,429	18,450
Foilseacháin/ Poiblíocht	6,589	7,097
Cúrsaí Forbairt Ghairmiúil Scoileanna	-	2,695
Scéim Phíolótach Aistriú le Forbairt Naíonra Teoranta	-	5,000
Líonra Réigiúnach	-	862
	422,154	427,712
(Easnamh)/farasbarr na bliana –cuntas 1	(8,172)	19,414

	2013 €	2012 €
Cuntas 2		
Ioncam		
Ballraíocht	7,082	6,515
Caiteachas		
Costais an LRC	2,914	-
Comhdháil/Cruinniú Cinn Bhliana	-	900
Farasbarr na bliana –cuntas 2	4,168	5,615
(Easnamh)/farasbarr na bliana - iomlán	(4,004)	25,029

Nótaí

Tá foilseacháin agus ábhar bolscaireachta Gaelscoileanna Teo. ar fáil ar www.gaelscoileanna.ie nó trí teagmháil a dhéanamh linn ar 01 8535195 nó oifig@gaelscoileanna.ie

Gaelscoileanna

www.gaelscoileanna.ie

Gaelscoileanna Teo.

Halla Naomh Pádraig, Institiúid Oideachais Marino,
Ascaill Uí Ghríofa, Baile Átha Cliath 9

Guthán: 01 853 5195
Facs: 01 853 5119
Ríomhphost: oifig@gaelscoileanna.ie
Suíomh idirlín: www.gaelscoileanna.ie